**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2022/0142(NLE)**

14.10.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine i ndáil le forfheidhmiú an dlí maidir le foraoisí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (COM(2022)0200 – C9-0171/2022 – 2022/0142(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Michèle Rivasi



*Aontaithe san éagsúlacht*

PA_Leg_Consent

## RÉASÚNÚ GEARR

Chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le Comharphoblacht na Guáine in 2013 agus thug sé an chaibidlíocht faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Deonaí (VPA) i gcrích i mí na Samhna 2018.

Clúdaíonn foraoisí 87 % d'achar iomlán talún na Guáine (thart ar 18.3 milliún heicteár) agus cuireann siad go mór leis an ngeilleagar, rud a chuireann poist agus slite beatha ar fáil. Is leis an Rialtas formhór mór na bhforaoisí agus na dtailte, agus is leis na pobail dhúchasacha 14 % den talamh (atá clúdaithe le 1.3 milliún heicteár foraoise; 6 % de thalamh iomlán na tíre). Dá bhrí sin, tá tábhacht mhór ag baint le VPA don tír mar aon leis an bhféidearthacht go gcuirfí borradh faoin gcaidreamh trádála idir an tAontas agus an Ghuáin, ach cuireann sé i bhfios go láidir, mar sin féin, a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach a áirithiú do phobail dhúchasacha i bpróiseas VPA.

Le VPA na Guáine, cuirfear feabhas ar bhainistiú agus rialachas inbhuanaithe ar fhoraoisí, laghdófar an lománaíocht neamhdhleathach agus rannchuideofar leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, agus tacófar le cuspóirí náisiúnta forbartha inbhuanaithe na tíre. Beidh a rath ag brath ar éifeachtúlacht an chur chun feidhme áfach. Beidh gá le tiomantas leanúnach agus le tiomantas polaitiúil na Guáine. Ar an taobh eile, ba cheart go neartófaí cúnamh an Aontais chun tacú le cur chun feidhme VPA mar chuid de phróiseas athbhreithnithe clár déthaobhach an Aontais don tréimhse 2025-2027.

******

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphobhlacht na Guáine i ndáil le forfheidhmiú an dlí maidir le foraoisí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach |
| **Tagairtí** | 2022/0142(NLE) |
| **An Coiste freagrach** | INTA |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Michèle Rivasi<br>13.7.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 30.8.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 13.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 21<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Andrieu, Hildegard Bentele, Catherine Chabaud, Lefteris Christoforou, Antoni Comín i Oliveres, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ilan De Basso, Caroline Roose |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | France Jamet, Pierre Karleskind, Ljudmila Novak, Christine Schneider |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 21 | + |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |
| ID | France Jamet |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Hildegard Bentele, Lefteris Christoforou, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė; Ljudmila Novak, Christine Schneider, Tomas Tobé |
| RENEW | Catherine Chabaud, Pierre Karleskind |
| S&D | Eric Andrieu, Ilan De Basso, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Pierfrancesco Majorino |
| THE LEFT | Miguel Urbán Crespo |
| VERTS/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Caroline Roose |

| 0 | - |
|---|---|

| 0 | 0 |
|---|---|

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh